



EUROPEAN MEDICINES AGENCY  
SCIENCE MEDICINES HEALTH

1 Feabhra 2023  
EMA/59254/2023  
An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

## Teangacha ar an suíomh gréasáin seo

**Cuireann an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) an fhaisnéis is tábhachtaí atá aici ar chógais agus ar a cuid oibre ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh (AE) ar an suíomh gréasáin seo. Tá an beartas teanga seo ag teacht le tiomantas EMA maidir le faisnéis neamhchlaonta a sholáthar d’othair, do ghairmithe cúram sláinte agus do shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh (AE) ar na cógais a ndéanann sí meastóireacht orthu. Tá an tiomantas seo ag croílár mhisean sláinte poiblí EMA.**

Is é Béarla **teanga oibre** oifigiúil EMA. Mar sin déanann an Ghníomhaireacht a gnó i mBéarla agus cuireann sí a hinneachar ar fad ar fáil i mBéarla.

Cuireann EMA an fhaisnéis is mó a mbíonn tionchar agus ábharthacht léi do spriocphobail ghinearálta ar fáil i [ngach teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh \(AE\)](#). Áirítear ina measc:

- faisnéis a bhaineann le sláinte an phobail a chosaint, amhail achoimrí ar na cógais a ndéanann EMA meastóireacht orthu;
- faisnéis ghinearálta ar obair agus ar ghníomhaíochtaí EMA, lena n-áirítear na ceisteanna a chuirtear go minic;
- fotheidil nó guthanna ar a chuid físeán agus ábhar closamhairc eile atá ar fáil tríd an suíomh gréasáin seo agus ar a [chainéal YouTube](#).

Is féidir le saoránaigh AE idirghníomhú freisin le EMA in aon teanga oifigiúil AE i bhfiosrúcháin agus i gcomhairliúcháin phoiblí.

### Beartas teanga EMA

Leagtar amach i **mbearnas teanga** EMA na bealaí ina n-oibríonn sé i mBéarla agus i dteangacha oifigiúla eile AE.

Tá sé ar fáil i dteangacha oifigiúla uile AE, agus san Íoslainnis agus san Ioruais freisin: [Beartas Ilteangach \(europa.eu\)](#)

Mínítear sa bheartas conas a mheasann EMA tionchar agus ábharthacht do pháirtithe leasmhara agus do chosaint na sláinte poiblí ina chinntí maidir le **haistriúchán**. Tugann sé tosaíocht don fhaisnéis atá dírithe ar othair agus ar ghairmithe cúraim sláinte.

Uaireanta cuireann EMA faisnéis ar fáil i mBéarla roimh theangacha AE eile, fad a bhíonn an t-aistriúchán ar siúl. Déanann sé é seo nuair is gá chun moilleanna ar fhoilsiú na faisnéise a sheachaint.

Ar an suíomh gréasáin seo, cuireann EMA faisnéis theicniúil ar fáil i mBéarla. Tá sé seo dírithe go príomha ar an **tionscal cógaisíochta**.

Is é Béarla an teanga ina n-oibríonn an tionscal seo ar fud an domhain. Is é Béarla an teanga freisin ina bhfuil téarmaíocht chaighdeánach ar fáil agus in úsáid go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear údarais idirnáisiúnta amhail an [Eagraíocht Dhomhanda Sláinte \(WHO\)](#) agus an [Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra \(EDQM\)](#) de chuid Chomhairle na hEorpa.

Úsáideann an Gníomhaireacht Béarla sa suíomh seo chun an baol míthuisceana, débhrí agus earráidí a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach a d'fhéadfadh a theacht ó aistriúcháin a laghdú.

### Faisnéis ar chógais a ndéanann EMA meastóireacht orthu

Cuireann EMA faisnéis a bhaineann lena measúnuithe eolaíocha ar **chógais aonair** ar fáil i ngach teanga oifigiúil AE:

- Achoimrí ar **chógais údaraithe don duine**: ina mínítear cad é an cógas agus cén fáth ar údaraíodh é
- Ceisteanna agus freagraí ar **chógais ar diúltaíodh údarú dóibh**: ina mínítear cén fáth nach raibh an cógas oiriúnach lena údarú
- Ceisteanna agus freagraí ar **iarratais a tarraingíodh siar**: ina mínítear cén fáth ar tharraing cuideachta siar a hiarratas ar údarú cógais
- **Faisnéis táirge** le haghaidh cógais údaraithe: áirítear orthu sin an bhileog phacáiste d'othair agus d'úinéirí peataí, agus tá siad ar fáil freisin san Íoslainnis agus san Ioruais
- Faisnéis ar **mhór-athbhreithnithe ar chógais** (ar a dtugtar atreoruithe): ina mínítear moltaí EMA maidir le saincheisteanna, amhail imní faoi shábháilteacht

Tuilleadh eolais:

- [An méid a fhoilsímid ar chógais agus cathain a fhoilsímid é](#) (i mBéarla amháin)

### Faisnéis ar obair agus gníomhaíochtaí EMA

Foilsíonn EMA faisnéis ghinearálta faoina ndéanann sé, conas a oibríonn sé, a fhreagrachtaí agus a fhoireann i ngach teanga oifigiúil AE:

- An méid a dhéanaimid
- Cógais a údarú
- Conas a dhéanann EMA measúnú ar chógais lena n-úsáid ag an duine
- Cé sinne?
- Bord Bainistíochta
- Ár modh oibre
- Líonra Údarás Rialála Cógas an Aontais Eorpaigh
- Leasanna iomaíocha a láimhseáil
- Ceisteanna coitianta (CCanna)
- Bileoga ar ábhair amhail fo-iarmhairtí amhrasta cógas a thuairisciú

Tá eolas faoi EMA agus ceisteanna coitianta ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla AE:

- [Eolas fúinn](#)
- [Ceisteanna Coitianta mar a foilsíodh ar an ngréasán iad](#)

### Idirghníomhú le EMA

Is féidir le saoránaigh AE [Ceist a sheoladh chuig an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach](#) ar an suíomh gréasáin seo in aon teanga oifigiúil AE. Freagróidh EMA sa teanga chéanna.

Glacann an Gníomhaireacht le rannchuidithe le **comhairliúcháin phoiblí** in aon teanga oifigiúil AE.

Nuair is féidir, cuireann EMA doiciméid chomhairliúcháin phoiblí ar fáil i dteangacha oifigiúla AE.

Tuilleadh eolais:

- [Seol ceist chuig an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach](#)
- [Comhairliúcháin oscailte](#)

#### Inneachar gaolmhar

- [Eolas fúinn](#)
- [Ceisteanna coitianta](#)

#### Naisc sheachtracha

- [An tOmbudsman Eorpach: Úsáid teangacha oifigiúla AE agus cumarsáid á déanamh leis an bpobal – Moltaí praiticiúla do riarachán AE | Comhfhreagras | An tOmbudsman Eorpach \(europa.eu\)](#)